

XLVI.

Canamhna Chonnachta.

472. Thríd is thríd, ní go leor athruighthe atá ar Ghaedhilg Chonnachta i n-aon áit seachas a chéile, agus is do réir a chéile a thagas an t-athrú sin isteach.

Is léir an t-athru ar fhocla agus suin seachas a chéile. Ach an méid acu a athruigheas ní i gcuideacht a athruigheas siad. Is doiligh, da bharr sin, ceantair chanamhna a dhealú amach ó n-a chéile sa gcúige.

Tig le duine, ar a shon sin, na fo-chanamhna seo leanas a dhealú, ó chéile thar éis nach bhfuil sé éasgaidh an tórainn atá eatorru a shainiú go beacht.

1. Lár Chonnachta, thríd is thríd ó thuaidh den bhóthar iarainn ó Bhéal Átha na Sluaigheadh go dtí 'n Clochán, ach ambáin an méid atá i bhfoisgeacht cúpla míle do Ghaillimh. Isteach leis sin tá lár 7 tuaisceard Chondae na Gaillimhe, tuaisceard Chonamara, Iar-Umhaill 7 deisceard Chondae MhuighEo chomh fada le Caisleán a' Bharraigh 7 chomh fada le Béal Átha hAmhnais; 7 beagán ó thuaidh de (Ph. Ó Bhaldráithe). Tá athruighthe beaga sa límistear sin é féin.

Maidir le Ros Comáin, is deacair a rádh i gceart cé'n chaoi a seasann sé, mar is beag Gaedhilg atá dhá labhairt anois ann. Ach is dócha go raibh a lár 7 an chuid ó dheas de le comhaireamh isteach leis an gceann-tar sin tuaisríomtha.¹

¹ Tá sin le léigheadh as corr-fhocal atá i Stair Éamuinn Uí Chláire.

Tá na pointí seo le tabhairt fá deara sa méid sin: (a) Gan fad ar ghuthaidhe ghearr roimh *m*, *l*, *rr*, *m*, (b) *í* i ndeireadh focal mar *mollta* : *moLít*, *buaitte* : *būāL'í* (ar aon nós sa gcuid ó thuaidh de). (c) *-ú* ar *-adh* i bhfocla mar *bualadh* : *būālu*. Tá *ann* : *aN* mar bhíos i gConndae MhuighEo chomh fada soir ó dheas le Goirtín i n-aice Bhéal Átha na Sluaigheadh.

2. Ó dheas de sin, tá canamhain deiscird Chonamara agus Chois Fhairrge. Comharthaí: (a) fad ar ghuthaidhe nó deoghar roimh, *m*, *l*, *rr*, *m*, *suim* : *sím*, *greim* : *g'rim*, *bord* : *bōrd*, *chail* : *χāL'*, 7rl.

(b) *ə* i n-áit *í* i bhfocla mar *molta* : *moLta*.

(c) *ə* i n-áit *u* i bhfocla mar *bualadh* : *būālu*.

3. Ó dheas arís, tá an chanamhain atá ar an taobh theas den Eisgir agus thimcheall ar Chinn Mhara a leigeas do chanamhain Chondae an Chláir. Tá focla ann ar nós *shā* ar *atá*, 7rl. Níl aon túr déanta ar an gcanamhain sin fós.

4. Ó thuaidh, tá canamhain Acla (i. Oileán Acla 7 Corrán Acla). Is ionann í sin mórán agus an Ghaedhilg atá sa gcuid ó dheas de Thír Chonail, ach go bhfuil roinn de Gh. MhuighEo measgtha thríti.

5. Canamhain tuaiscird MhuighEo .i. ó thuaidh de Néifinn 7 Loch Con agus taobh thiar den Mhuaidh. Is doiligh a tórainn thoir ná ó dheas a shainiú. Tá sí i gcosamhlacht le (6) ar mhórán pointí.

Níl faice, mórán, as an mbrúighdhréacht sin sa méid a leanas.

6. Canamhain Chonnachta ó thuaidh, an méid de MhuighEo atá soir ón Muaidh 7 L. Con, 7 ina theannta sin, Co. Shligigh, tuaisceard RosComáin 7 Co. Liatroma. Leigeann G. tuaiscird Shligigh 7 Liatroma do Ghaedhilg Uladh, 7 dá mbeadh G. dhá labhairt ar fud an límistéir go léir is dócha go mb' fhéidir fo-ranna eile a dhéanamh.

Sá mbrúighdhréacht sin bíonn uirdhughadh thar éis *don*, *den* : *den* *gcineadh*, *ionn* (= *ind*) i n-áit *ann*, *ə* do a roimh *r*, 7rl.

Bionn uaireannta freisin *L'* i n-áit *l'*, *gile* : *g'iL'a*.

Is féidir ath-roinn a dhéanamh arís ar na ceanntair réamhráidhte. I gConamara ó dheas, tá difrigheacht idir G. Chois Fhairrge 7 G. RosMuc. Ní deirtar an *th* ach go héadtrom i gCois Fhairrge i bhfocla mar *bóthar*, ach deirtar go láidir i RosMuc é.

Mar tá ráidhte, is mó, thríd is thríd, atá G. thuaiscird Chonamara a' dul isteach leis an taobh ó thuaidh thar éis go bhfuil go leor pointí innti i geosamhlacht leis an taobh ó dheas. Tá an dá chanamhain a' teangmháil le chéile ag Muigh Cuilinn 7 ag Uachtar Árd, agus tá tréathra den dá chanamhain is na háiteacha sin.

Tá Dúthaigh Sheoigheach ar fad ó Rinn Mhaoile aniar 7 ceanntar na genoc leis an taobh ó thuaidh, thar éis go bhfuil corr-fhocal 7 fuaim a' brughadh isteach as an taobh ó dheas. Tá an méid atá ar an taobh ó thuaidh den bhóthar iarainn ón gClochán aniar isteach leis an gceanntar ó thuaidh. Maidir le Innis Bófinn, déantar *pouL*, *pouL* de *poll* ann ar nós mar déantar i gConamara ó dheas. An Ghaedhilg atá thimcheall ar Chloch na Rón agus Iorrus Mór is mó is cosmháil leis an taobh ó thuaidh i, thríd is thríd. Ar bhealach eile, bhíodh *k'zN*, *drim* ar *cionn*, *druim* ag Micheál Mac Suibhne a chaith a shaoghal sa gceard sin idir Iorrus Mór 7 an Clochán 7 a fuair bás sa mbl. 1820, aindeoin gur i nÁth an Choirce i n-aice na Croise i gConndae MhuighEo a rugadh é.

Tá somplaí de chuid de na canamhna sin is na giotaí seo leanas. Féachaim le gach is féidir de dhifrigheacht a theasbáint is na somplaí a thugaim síos, ní hé ambáin idir gach dá cheanntar ach i gcaint an duine chéadna, mar is minic a bhíos a leitheid ann.¹

7. Tá dréacht sa méid a leanas de chanamhain Ghleann-na-Madadh. Seo í an chanamhain atá i gceartlár Chonnachta. Sí is goire anois don Ghaedhilg a bhí

¹ Cuir i gcás tá *ar bith* ráidhte ar thrí chuma i n-aon dréacht ambáin (An Cárach Coileáin, l. 152). Cc. *sehi*, *seh?*, l. 158.

i lár na hÉireann. Den méid Gaedhilge atá ar fághail sí is fearr atá a' luighe leis an 'ogham' nó an teanga sgríobhtha. Níl mórán difrigheachta idir í agus chanamhain Chorr na Móna. An té ar fritheadh na somplaí uaidh (Micheál Mac Thoirdealbhaigh), siubhlann sé a lán den tír, ach is furusda a bhun-chanamhain a thabhairt fá deara.

Níor mhíde a dhul i bhfad ní bu dlútha leis na canamhna a chur síos 7 leis an tórainn atá eatorru a ghrinn-fhéachaint 7 a chríochadh, mar déantar sin i dtíortha eile.

Teastaigheann sin go mór-mhór is na háiteacha a bhfuil an teanga a' fághail bháis.

Ach níor mhór cuimse mháith ama, dúthrachta 7 costais a chaitheamh leis sin. Is fearr a d'oirfeadh an saothar sin do riaghaltas ná do dhuine aonraic.